An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# NUACHTLITIR STAIDÉAR GNÓ LÚNASA 2019

**Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun inspioráid, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag athrú oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn**

**Dia daoibh agus fáilte romhaibh chuig eagrán an Fhómhair de Nuachtlitir Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. Anuraidh, bhí muid ag plé le choir a bheith 3,500 múinteoir trínár gcuid cnuascheardlann ábhar agus ar sheimineáir ghréasáin ar líne. Táimid ag súil le bheith ag obair libh agus sibh ag cur na sonraíochta ábhair i bhfeidhm in bhur seomraí ranga.**

## Príomhdhátaí le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe 2019 / 2020.

Tréimhse ina gcaithfear MRB2 Staidéar Gnó a dhéanamh: Dé Luain 18 Samhain 2019 – Dé hAoine 13 Márta 2020.

Tréimhse ina gcaithfear MRB1 Staidéar Gnó a dhéanamh Dé Luain 6 Eanáir 2020 – Dé hAoine 15 Bealtaine 2020.

Ba chóir do na cruinnithe AFMÁ a bheith ann ag tráth nach moille ná mí tar éis an MRB a dhéanamh.

https://www.ncca.ie/3959/junior_cycle_key_dates_2019_2020.pdf

## Na hAcmhainní is Déanaí


Lainseáil foireann an Staidéir Ghnó acmhainn nua comhoibríoch don seomra ranga ar 25 Samhain 2019. Bhí lúcháir orainn gur tháinig Sinéad Brady agus beirt dá cuid scoláirí (Alana agus Sinead) ó Iar-bhunscoil na Maighdine Muire, Baile na Lorgan le bheith linn don lá. Is comhfhiontar é an acmhainn seo idir an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), RTÉ agus Údarás Craolacháin na hÉireann (UCÉ) agus fiosraítear inti an phríomhfhoghlaim agus na ceisteanna a ardaítear sa tsraith faisnéise dhá chlár 'Atlantach Domhain na hÉireann'. Tá sí tógtha ar na prionsabail don Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) a dhíríonn ar na gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta den OFI. Agus an acmhainn seo á bhforbairt, tháinig foirne Tíreolaíochta agus Staidéar Gnó SSM le chéile chun eispéiris shaibhre foghlama a chruthú a chuirfidh le sonraíochtaí an dá ábhar agus, i gcomhthéacs níos leithne, leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015. Níl na hacmhainní a cruthaíodh deartha lena n-úsáid ar bhealach líneach, ach ina áit sin chun cabhrú le heispéiris foghlama a chruthú a oibríonn do scoileanna aonair



ina gcomhthéacs ar leith féin. Is meascán saibhir í an acmhainn de spreagthaí éisteachta / amhairc chomh maith le leabhrán praiticiúil Acmhainní don Seomra Ranga. Is féidir breathnú uirthi ar rte.ie/learn agus mholfaimis do gach Múinteoir Staidéar Gnó smaoineamh ar an acmhainn seo a úsáid mar dheis iontach le tabhairt faoi théamaí amhail tomhaltachas, eitic agus inbhuanaitheacht.

## FGL 2019-2020

Táimid faoi láthair i mbun ár lá reatha ón 4ú lá de Shamhain. Táimid ag súil le bualadh le gach múinteoir Staidéar Gnó ar bhur lá cnuasaigh. Tá na hábhair FGL Reatha le fáil ar ár suíomh gréasáin, is féidir breathnú ar an 'PowerPoint' agus an leabhrán acmhainní a íoslódáil ach dul chuig an Leathanach Gnó ag https://www.jct.ie/leagangaeilge/business_studies/cpd_elective_workshops_ga




Tá na hábhair ón na laethanta FGL roimhe seo le fáil freisin ar ár suíomh gréasáin le breathnú orthu nó le híoslódáil ón Leathanach Gnó ag https://www.jct.ie/leagangaeilge/business_studies/resources_ga Ag deireadh gach FGL iarraimid ar mhúinteoirí aiseolas a thabhairt dúinn trí chlárúchán SSM. Mholfaimis go láidir do gach múinteoir an deis seo a thapú mar go gcuireann aiseolas múinteoirí bonn eolais faoi leagan amach FGL amach anseo chomh maith le Seimineáir Ghréasáin agus Acmhainní srl.

## Oiliúint SSM d'Éascaitheoirí AFMÁ

Tá an cheardlann roghnach seo dírithe ar gach múinteoir a bheas ag éascú cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) ina scoil sa bhliain acadúil 2019 / 20. Iniúchfar ann na príomhcheisteanna don éascaitheoir roimh, le linn agus tar éis AFMÁ, agus tá sé i gceist go bhfeabhsóidh sé agus go bhforbróidh sé scileanna ó sheirbhís ionghairme SSM sna croí-ábhair. Cuirfidh muid comhairle, tacaíocht agus acmhainní ar fáil le cabhrú le héascaitheoirí i gceann a gcuid oibre.



Chun clárú le haghaidh ceardlainne, téigh i dteagmháil le d'Ionad Oideachais áitiúil, is gnách go mbíonn na ceardlanna ar siúl idir 17:00 agus 19:00 sa tráthnóna.

Beidh deireadh leis na ceardlanna Dé Céadaoin 9 Nollaig 2019

## Príomhscileanna i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

Leis an leasú ar an tSraith Shóisearach a tugadh isteach agus atá á chur i bhfeidhm laistigh den Staidéar Gnó, tá fócas athnuaite anois ní go díreach ar an "ábhar" a bhíonn á theagasc againn ach freisin ar an "gcaoi" a mbímid ag teagasc. Leis an bhfócas athnuaite seo ar an gcaoi a mbímid ag teagasc tá deis againn príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí a chur chun cinn, a ghníomhachtú agus a dhaingniú ar bhealach fiúntach laistigh dár seomraí ranga Staidéar Gnó.
"Cuirfear beocht sna príomhscileanna trí na heispéiris foghlama a bheas ag an scoláire, beidh siad le feiceáil laistigh de na cuir chuige mheasúnaithe a úsáidtear sna seomraí ranga agus neadófar iad i dtorthaí foghlama gach ábhair sa tSraith Shóisearach."
Creat don tSraith Shóisearach, 2015 l. 13 / 14
Trí aird a dhíriú go comhoibríoch ar na príomhscileanna seo tugtar deis dúinn mar mhúinteoirí Staidéar Gnó breathnú arís ar gach réimse dár bpleanáil chomhoibríoch éifeachtach ina measc na straitéisí a bhímid a úsáid. Cé gur féidir gach ceann de na 8 bPríomhscil a ghníomhachtú agus a leabú laistigh den Staidéar Gnó, breathnóidh muid go háirithe ar aon phríomhscil amháin sa Nuachtlitir seo –

**Eolas & Smaointeoireacht a Bhainistiú i Seomra Ranga an Staidéir Ghnó**

Cabhraíonn an phríomhscil seo le scoláirí a gcuid scileanna a fhobairt chun breith a thabhairt agus idirdhealú idir cineálacha agus foinsí eolais agus cabhraíonn sé leo straitéisí a fhorbairt chun eolas a eagrú. Is iad na príomhghnéithe laistigh d'Eolas & Smaointeoireacht a Bhainistiú:
A bheith **fiosrach**
Eolas a bhailiú, a thaifeadadh, a **eagrú** agus a **mheas**
**Smaoineamh** go cruthaitheach agus go criticiúil
**Machnamh** ar mo chuid foghlama agus é a **mheasúnú**




# Machnamh múinteoirí agus comhairle phraiticiúil do Sheomra ranga an Staidéir Ghnó




Má tá aon mhúinteoir ag tabhairt faoi mheasúnuithe rangbhunaithe (MRBnna) don chéad uair, meabhraítear dóibh gur gá tú féin a chur ar an eolas trí Threoirlínte Measúnaithe CNCM a léamh. Tá tacaí breise i bhfoirm seimineáir ghréasáin agus sleamhnáin ó laethanta FGL roimhe seo le fáil ar shuíomh gréasáin SSM (Féach táb tacaí FGL ar an roghchlár anuas).

Ba chóir duit freisin labhairt le do chuid comhghleacaithe a rinne MRBnna roimhe seo mar go bhfoghlaimeoidh tú uathu sin agus go gcinnteoidh sé sin cur chuige leanúnach agus comhoibríoch i leith an mheasúnaithe i do scoil. Leag na múinteoirí a thug aiseolas dúinn béim ar an ngá le pleanáil i gcomhair MRBnna píosa maith roimh ré. Ó tharla cinntí faoin am ar leith a dtarlóidh MRBnna (laistigh den tréimhse a leagadh síos ag CNCM) a bheith scoilbhunaithe, ba chóir do mhúinteoirí gnó dul i gcomhairle lena chéile agus le bainistíocht na scoile chun pleanáil don bhliain acadúil atá ag teacht.

Labhair múinteoirí freisin faoin ngá léargas ar an tasc a thabhairt do scoláirí roimh ré agus na gnéithe cáilíochta a roinnt agus a phlé leo chomh maith. Chreid múinteoirí nuair a thuigeann scoláirí an chuma atá ar an rath go bhfeabhsaíonn sé go mór a gcumas an próiseas a bhainistiú. Na múinteoirí nár thriail an cur chuige sin a dúirt gur ag réiteach 'fadhbanna práinneacha' a bhí siad in amanna agus gurbh éigean dóibh treoir a thabhairt go leanúnach do scoláirí le freastal ar a n-easpa tuisceana.

Baineadh úsáid rialta as taighde agus as teimpléid mhachnaimh sa rang mar dhoiciméid oibre agus dúirt múinteoirí gur chabhraigh sé sin le machnamh leanúnach a dhéanamh. Bhí scoláirí in ann gnéithe dá gcuid oibre a chlárú agus a mheabhrú faoi mar a tharla siad. Mhothaigh múinteoirí go raibh siad sa riocht freisin go bhféadfadh siad aiseolas foirmitheach leanúnach a sholáthar bunaithe ar na dréacht-teimpléid agus gur tháinig feabhas ar chaighdeán na leaganacha deiridh de theimpléid seo na scoláirí. Nuair a bhí leagan deiridh na dtuairiscíní ann, dúirt bunús na múinteoirí gur thug siad a gcuid oibre ar ais do na scoláirí agus gur thug siad aiseolas dóibh. Den chuid is mó is aiseolas scríofa a tugadh ar MRB1 (bunaithe ar na GCnna) agus is aiseolas ó bhéal is mó a tugadh do MRB2, cé gur scríobh roinnt múinteoirí aiseolas anseo freisin. Bhí líon beag múinteoirí ann a dúirt nár thug siad aon aiseolas do scoláirí amach ó thuairiscín, ach d'aithin siad gurbh fhiú aiseolas foirmitheach níos sonraithe a thabhairt agus bheartaigh siad é sin a dhéanamh amach anseo.

Dúirt bunáite na múinteoirí go raibh an próiseas MRB níos fusa a bhainistiú an dara huair mar go raibh tuiscint níos fearr acu ar na riachtanais agus ar an amú. Thug roinnt le fios gur chabhraigh siad le scoláirí sa rogha a rinne siad i dtaca le pleananna gnímh nó topaicí a bheadh indéanta i seomra ranga sa tréimhse ama a bhí ceaptha. Dá bharr sin, ba lú go mór an méid struis a bhraith gach duine a bhí bainteach leis an eispéireas agus is cinnte go bhfuil sé sin ag teacht leis an smaoineamh gur measúnú rangbhunaithe a bhíonn ann. Maidir leis na gnéithe nár b'fhéidir a chríochnú laistigh den am teagaisc spreag múinteoirí na scoláirí leis an leas is fearr a bhaint as am ullmhúcháin an tseomra ranga. Ceistneoir a chruthú, cuir i gcás, agus na torthaí a anailísiú sa rang, nó a láithreoireacht / a n-ábhar tacaíochta a chur ar chlárscéal sa rang sular aimsigh siad roinnt acmhainní TFC lasmuigh den seomra ranga. Chuidigh sé sin freisin le múinteoirí sláine an phróisis a chaomhnú ós rud é go dtiocfadh leo a dhearbhú gurb í obair na scoláirí féin a bhí ann. Chuaigh scoláirí i gceann na dtascanna agus bhain siad sult astu den chuid is mó. Chonacthas do roinnt acu gur dúshlán mór a bhí ann a bheith ag obair le daoine eile nó cur i láthair a dhéanamh os comhair lucht féachana ach mheas múinteoirí go ginearálta gur chuidigh próiseas an MRB le scoláirí forbairt bhreise a dhéanamh ar roinnt scileanna tábhachtacha. Do MRB1 d'úsáid múinteoirí cuir chuige éagsúla i leith roghnú na ngrúpaí. Cé nach bhfuil aon 'slí amháin is fearr' ann, mhaífeadh an t-aiseolas gur grúpaí le cumais mheasctha a roghnaíodh ag múinteoirí a ba choitianta agus dar le go leor gur oibrigh siad sin go maith ina rang.

**Gabhaimid buíochas leat as an am a ghlacadh ár nuachtlitir a léamh, tá súil againn gur bhain tú tairbhe aisti freisin. Guímid saoire Nollag shuaimhneach agus shíochánta oraibh agus táimid ag dréim le sibh a fheiceáil ag na hócáidí éagsúla cnuasaigh ar fud na tíre idir anois agus mí Aibreáin 2020.**

